



2025/2246

10.11.2025

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/2246 ÓN gCOIMISIÚN

an 7 Samhain 2025

Iena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 a mhéid a bhaineann le híosmhinicíochtaí na rialuithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/625 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Márta 2017 maidir le rialuithe oifigiúla agus gníomhaíochtaí oifigiúla eile arna ndéanamh lena áirithiú go gcuirtear i bhfeidhm dlí an bhia agus na beatha, rialacha maidir le sláinte agus leas ainmhithe, sláinte plandaí agus táirgí cosanta plandaí, lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 999/2001, (CE) Uimh. 396/2005, (CE) Uimh. 1069/2009, (CE) Uimh. 1107/2009, (AE) Uimh. 1151/2012, (AE) Uimh. 652/2014, (AE) 2016/429 agus (AE) 2016/2031 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 1/2005 agus Rialachán (CE) Uimh. 1099/2009 ón gComhairle agus Treoracha 98/58/CE, 1999/74/CE, 2007/43/CE, 2008/119/CE agus 2008/120/CE ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 854/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus Rialachán (CE) Uimh. 882/2004 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Treoracha 89/608/CEE, 89/662/CEE, 90/425/CEE, 91/496/CEE, 96/23/CE, 96/93/CE agus 97/78/CE agus Cinneadh 92/438/CEE ón gComhairle (Rialachán maidir le Rialuithe Oifigiúla) ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 19(3), an chéad fhomhír, pointí (a) agus (b), de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Faoi chuimsiú an phlean rialaithe maidir le héilleáin le haghaidh bia a chuirtear ar mhargadh an Aontais, ceanglaítear ar na Ballstáit na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún ⁽²⁾ a chomhlíonadh, a mhéid a bhaineann le híosmhinicíocht na rialuithe le haghaidh tráchtearraí éagsúla.
- (2) Cinntear íosmhinicíochtaí na rialuithe a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ar bhonn riosca. Is léir ón taithí a fuarthas ó cuireadh i bhfeidhm é nach bhfuil íosmhinicíochtaí rialuithe iomchuí i gcás táirgí áirithe.
- (3) Go háirithe, léiríonn sonraí a bhailigh na Ballstáit go bhfuil riosca íseal ann nach gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún ⁽³⁾ i gcás feoil neamhphróiseáilte ó bhó-ainmhithe, ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmnithe den chineál gabhair, ó mhuc-ainmhithe agus ó éanlaith chlóis. Dá bhrí sin, ba cheart íosmhinicíocht rialaithe na bhfeolta sin, lena n-áirítear scairteach inite, a leagtar amach i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932, a íslí.
- (4) Léiríonn sonraí a bhailigh na Ballstáit freisin go bhfuil riosca íseal ann nach gcomhlíonfar Rialachán (AE) 2023/915 i gcás uibheacha. I gcás miotail in uibheacha, tá uasleibhéil iarmhar bunaithe i Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁴⁾. Dá bhrí sin, ba cheart íosmhinicíocht na rialuithe le haghaidh uibheacha úra ó chearca agus uibheacha eile a leagtar amach i bpointe 1(a) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 a íslí agus, i gcás an cheanglais maidir le híosmhinicíocht samplála 10 % a leagtar síos i bpointe 1(b) d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932, le haghaidh rialuithe ar mhiotail éagsúla, níor cheart feidhm a bheith ag an gceanglas sin maidir leis an gcatagóir 'uibheacha úra ó chearca agus uibheacha eile'.
- (5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 a leasú dá réir sin.

⁽¹⁾ IO L 95, 7.4.2017, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2017/625/oj>.

⁽²⁾ Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 ón gCoimisiún an 9 Meitheamh 2022 maidir le socruithe praiticiúla aonfhoirmeacha chun rialuithe oifigiúla a dhéanamh a mhéid a bhaineann le héilleáin i mbia, maidir le hábhar sonrach breise i bpleananna rialaithe ilbhliantúla náisiúnta agus maidir le socruithe sonracha breise chun iad a ullmhú (IO L 162, 17.6.2022, lch. 13, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2022/932/oj).

⁽³⁾ Rialachán (AE) 2023/915 ón gCoimisiún an 25 Aibreán 2023 maidir le huasleibhéil le haghaidh éilleáin áirithe i mbia agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1881/2006 (IO L 119, 5.5.2023, lch. 103, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2023/915/oj>).

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 396/2005 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Feabhra 2005 maidir le huasleibhéil iarmhar lotnaidicídí i mbia agus i mbeatha de bhunadh plandaí nó ainmhióch nó ar bhia agus ar bheatha den sórt sin agus lena leasaítear Treoir 91/414/CEE ón gComhairle (IO L 70, 16.3.2005, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/396/oj>).

- (6) Ós rud é go mbaineann na rialacha a leagtar síos i Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 leis an mbliain féilire ábhartha, is maidir leis an bplean le haghaidh na bliana 2026 ba cheart feidhm a bheith den chéad uair ag na leasuithe atá le déanamh leis an Rialachán seo ar an Rialachán Cur Chun Feidhme sin. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an Rialachán seo ón 1 Eanáir 2026.
- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2026.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 7 Samhain 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Leasaítear mar a leanas Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/932:

(1) i bpointe 1(a), leasaítear an tábla mar a leanas:

- (a) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha 'Feoil neamhphróiseáilte ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite)', 'Feoil neamhphróiseáilte ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmnithe den chineál gabhair (lena n-áirítear scairteach inite)', agus 'Feoil neamhphróiseáilte ó mhuc-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite)':

'Feoil neamhphróiseáilte ó bhó-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite)	0,01 % ar a laghad den líon iomlán ainmhithe a maraíodh
Feoil neamhphróiseáilte ó ainmhithe den chineál caorach agus ó ainmnithe den chineál gabhair (lena n-áirítear scairteach inite)	0,002 % ar a laghad den líon iomlán ainmhithe a maraíodh
Feoil neamhphróiseáilte ó mhuc-ainmhithe (lena n-áirítear scairteach inite)	0,0015 % ar a laghad den líon iomlán ainmhithe a maraíodh'

- (b) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'Feoil neamhphróiseáilte ó éanlaith chlóis (lena n-áirítear scairteach inite)':

'Feoil neamhphróiseáilte ó éanlaith chlóis (lena n-áirítear scairteach inite)	Maidir le gach catagóir d'éanlaith chlóis a bhreithnítear (sicíní grísce, cearca spíonta, turcaithe agus éanlaith chlóis eile), sampla amháin ar a laghad in aghaidh gach 5 000 tona de tháirgeacht bhliantúil (meá-lasta)'
---	---

- (c) cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála 'Uibheacha úra ó chearca agus uibheacha eile':

'Uibheacha úra ó chearca agus uibheacha eile	Sampla amháin ar a laghad in aghaidh 5 000 tona de tháirgeacht bhliantúil uibheacha'
--	--

(2) cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1(b):

- '(b) Déanfaidh na Ballstáit rialuithe ar bhonn bliantúil ar 'mhíotail' i gcás 10 % ar a laghad de na samplaí a thógtar le haghaidh gach grúpa tráchtearraí i gcomhréir leis an tábla sa Iarscríbhinn seo, cé is moite de na grúpaí tráchtearraí 'uibheacha úra ó chearca agus uibheacha eile', 'crústaigh agus moilisc dhébhlaoscacha', 'sailte agus olaí ó ainmhithe agus ón bhfarraige' agus 'táirgí próiseáilte de bhunadh ainmhíoch'.'.